Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 8 Nollaig 2020
(OR. en)

13380/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0334(NLE)**

AVIATION 211
RELEX 931

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, i dtaca le rialacha nóis imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh |

**CINNEADH (AE) 2020/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Chomhchoiste a bunaíodh leis an gComhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, i dtaca le rialacha nóis imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Thug an tAontas an Comhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an tSeoirsia, den pháirt eile[1] ('an Comhaontú') i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2020/948 ón gComhairle[2] agus tháinig sé i bhfeidhm an 2 Lúnasa 2020.

(2) Le hAirteagal 22 den Chomhaontú bunaítear Comhchoiste atá comhdhéanta d'ionadaithe de chuid na bPáirtithe ("an Comhchoiste") chun riar agus cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú.

(3) Foráiltear le hAirteagal 22(3) den Chomhaontú go bhfuil an Comhchoiste chun a rialacha nóis imeachta a ghlacadh.

(4) Chun cur chun feidhme cuí an Chomhaontaithe a áirithiú, ba cheart rialacha nóis imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh.

(5) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa chéad chruinniú den Chomhchoiste a bhunú, ós rud é gur cinneadh a mbeidh éifeachtaí dlíthiúla aige ar an Aontas a bheidh sa chinneadh ón gComhchoiste lena nglactar a rialacha nós imeachta. Ba cheart seasamh an Aontais sa Chomhchoiste a bhunú ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

---

1 IO L 321, 20.11.2012, lch. 3.

2 Cinneadh (AE) 2020/948 ón gComhairle an 26 Meitheamh 2020 maidir leis an gComhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, a thabhairt i gcrích thar ceann an Aontais (IO L 212, 3.7.2020, lch. 3).

*Airteagal 1*

1. Is ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste[1] a bhunófar an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa chéad chruinniú den Chomhchoiste a bunaíodh le hAirteagal 22 den Chomhaontú um an gComhlimistéar Eitlíochta idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an tSeoirsia, den pháirt eile, i dtaca le rialacha nós imeachta an Chomhchoiste a ghlacadh.

2. Féadfaidh ionadaithe an Aontais sa Chomhchoiste mionathruithe ar an Dréachtchinneadh ón gComhchoiste a aontú gan cinneadh eile ón gComhairle.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

[1] Féach doiciméad ST13385/20 ar http://register.consilium.europa.eu